Nuachtlitir

Gaelscoil Ruairí
Maigh Nuad

28 Samhain 2022 Uimhir 15

**Leath- Lá:**
**Críochnóidh na páistí ar fad inniu ar a 11.45r.n. Beidh na múinteoirí ag tabhairt faoi oiliúna ar an gcuraclam teanga nua.**
*Half-Day:*
*All the children will finish today at 11.45a.m. The teachers will be engaging in the New Language Curriculum Training on the day.*

—-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

**Imeachtaí Iar-Scoile:**
**Leanfaidh na himeachtaí iar-scoile ar aghaidh amárach do na páistí i Rang a 1 /Rang a 2 díreach i ndiaidh scoile. Críochnóidh sé ar a 3.10i.n.**

*After-School Activities:*
*The After-School Activities for 1st / 2nd Class children will continue tomorrow immediately after school. They will finish at 3.10p.m.*

—-----------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

**Coiste na dTuismitheoirí:**
**1. Ranganna Gaeilge:**
**Leanfaidh na ranganna ar aghaidh sa scoil oíche amarach ar a 8i.n; rang d'fhoghlaimeoirí agus rang comhrá.**

**2. Lotto:**
**Comhghairdeas le Siobhan McCrystal a bhuaigh an lotto, €20 agus bosca seacláide ar an Aoine. Seasann an pota óir ar €500 anois. Go n-éirí le gach duine!**

**3. Crannchur an Gheimhridh:**
**Tá na cartaí do chrannchur an Gheimhridh ag dul abhaile le gach teaghlach inniu. Tá €2 ar gach ticéad agus iarrtar ar gach duine na cartaí agus an t-airgead a sheoladh ar ais chugainn roimh an 15 Nollaig in am don chrannchur ag tional na scoile ar an Aoine an 16 lá de mhí na Nollag.**
*Parents' Committee:*
*1. Irish Classes:*
*Beginners and conversational classes will continue in the school this Tuesday evening at 8p.m.*

*2. Lotto:*
*Congratulations to Siobhan McCrystal who won €20 and a box of chocolates on Friday. The jackpot now stands at €500. Best of luck to everyone!*

*3. Winter Rafffle:*

*The cards for the Winter Raffle are going home with each family today. Each ticket costs €2. Please return the cards and the money to the school by the 15th December in time for the raffle on Friday 16th at the school's assembly.*

—-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

**Cabhair breise de dhíth!**

**Míle buíochas arís leis na tuismitheoirí a chuidigh linn an troscáin a chur le chéile. Níl ach seastán rothair amháin fágtha anois agus bheadh sé iontach dá mbeadh aon duine in ann teacht isteach agus é a chur le chéile dúinn.**

*A Little More Help Needed!*

*A big thank you again to everyone who helped assemble furniture last week. There is only one bike stand left and it would be great if someone could come in and assemble this for us this week.*

—-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

**Naíonáin Bheaga - FSS:**

**Iarrtar ar aon duine nár seoladh na foirmeacha ar ais go dtí seo é a dhéanamh amárach.**

**An Dáta don MMR - Déardaoin 15 Nollaig**

**Níl an dáta don Tástáil Éisteachta againn fós**

*Junior Infants - HSE:*

*We are asking anyone who has yet to return the forms to do so tomorrow.*

*The date for the MMR - December 15th*

*We do not have a date for the Hearing Screening yet*

—-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------

**Bord Bainistíochta:**

**Ba mhaith le Bord Bainistíochta na scoile pobal na scoile a chur ar an eolas go dtabharfar faoi athbhreithniú ar Chód Iompair na Scoile san athbhliain. Beidh deis ag tuismitheoirí, páistí agus múinteoirí na scoile a bheith páirteach san athbhreithniú seo.**

**Mar is eol do gach duine bíonn an-bhéim sa scoil seo ar chaidrimh dhearfacha a chothú agus ar dhea-iompar a dhearbhú agus a chothú. Tá ár gcód reatha ar fáil ar shuíomh gresáin na scoile, www.gaelscoilruairi.ie.**

**Bíonn am chlóis iontach tábhachtach do pháistí agus bíonn meascán de shaor spraoi agus gníomhachtaí struchtúra ar fáil dóibh.**

**Tá an scoil ag tabhairt faoi scéim píoltach faoi láthair agus mar chuid den scéim seo cuirfear cúinne ciún ar fáil sa chlós. Seo áit go bhféadfadh le páiste dul má theastaíonn uathu sos a ghlacadh ón gnáth clós, áit**

**a bhíonn glórmhar agus gnóthach de gnáth. Bíonn suíocháin anseo agus bíonn deis ag na páistí cluichí boird a imirt anseo más maith leo.**

**Anuas ar seo tá spás aimsithe againn sa chlós go mbíonn ar pháiste seasamh má bhíonn iompar mí-oiriúnach nó dainséarsach ar siúl acu. Iarrtar ar pháiste seasamh anseo ar feadh cúpla noiméad muna thagann feabhas ar iompar i ndiaidh do mhúinteoir labhairt leo agus a chur in iúl dóibh nach bhfuil a (h)iompar inghlactha i gclós na scoile.**

**Freisin, beidh scéim cairdis againn a thugann deis do pháistí i rang a 2 cabhrú leis na naíonáin sa chlós má theastaíonn uathu. Beidh siad ag spreagadh na Gaeilge agus ag cuidiú leis na naíonáin spraoi le chéile. Tabharfaidh sé seo deis na páistí i R2 freagrachtaí breise a ghlacadh má theastaíonn uathu.**

**Déanfar monatóireacht ar na hathruithe seo agus pléifear iad san athbhliain.**

*Board of Management:*

*The Board of Management would like to inform the school community that the school's Code of Behaviour will be reviewed in the new year. Parents, children and teachers will have the opportunity to be a part of this review process.*

*As everyone is aware, there is a strong emphasis in the school on developing positive relationships and on affirming and promoting positive behaviour. Our code of behaviour is available on our school website, www.gaelscoilruairi.ie.*

*Yard time is extremely important for children and we provide a mixture of free play and structured play to the children.*

*The school is currently engaging in a pilot scheme and as part of this scheme we are introducing a quiet area in the yard. This is a place a child can go if they would like a break from the regular yard which is generally a busy and a noisy place. There are seats in this area and also some tables with board games if this is something the children would be interested in.*

*As well as this we have identified a space in the yard where we will ask a child to stand out for a few minutes if they are engaging in inappropriate or dangerous behaviour. A child will be asked to stand out here if they continue to engage in inappropriate behaviour after a teacher has explained this to them and asked the child to stop.*

*We also have a new friendship scheme where the children in second class will have the opportunity to help out in the infant yard. They will be there to encourage the use of Irish in the yard and to play with the infants. This will give the second class children the opportunity to take on extra responsibilities in school if this is something they choose to do.*

---

**Seóanna an Gheimhridh:**

**Tá sé beartaithe ag gach múnteoir ranga go gcuirfeadh a rang drama nó seó beag i lathair do na**

**tuismitheirí roimh na laethanta saoire i mí na Nollag.**
**Déanfar taifead don na seóanna ag an gcleachtadh agus roinnfear iad leis na tuismitheoirí ar fad i ndiaidh. Gheobhaidh gach duine an seó a bhaineann le rang a p(h)áiste. Ar lá an seó, iarrfar ar thuismitheoirí gan grianghraif nó fiseáin a ghlacadh agus na fóin a choimeád as radharc.**

**Seó na Naíonán Beag - Dé Céadaoin 21 Nollaig ar a 11.00r.n. roimh dul abhaile do na laethanta saoire ar a 11.45r.n.**

**Seó na Naíonán Mór - Déardaoin 15 Nollaig ar a 12.30i.n.**

**Seó Rang a 1 / 2 - Dé hAoine 16 Nollaig ar a 1.30i.n.**
*Winter Show:*
*Each classroom teacher has decided to organise a little play/show with their class and to perform it for parents before the December holidays.*
*The shows will be recorded during the practice and will be shared with all parents. Parents will receive the show from their child's class. On the day of the performance, parents will be asked not to take photographs or videos of the children and to keep their phones out of view.*

*Junior Infant Show - Wednesday 21st December at 11a.m. before going home for the holidays at 11.45a.m.*

*Senior Infant Show - Thursday 15th December at 12.30p.m.*

*1st / 2nd Class Show - Friday 16th December at 1.30p.m.*

—-------------------------------------------------------------------------------------------------------------------------